An Roinn Oideachais
Department of Education

30 Márta 2022

Maidir le: Scoileanna nua sa chlár DEIS – Tacaíochtaí atá le Soláthar

A Phríomhoide, a chara,

Mar ata curtha in iúl ag an Roinn le déanaí, aithníodh do scoil le cur san áireamh sa chlár DEIS le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2022.

Tá plean i bhfeidhm chun eolas a sholáthar do gach scoil atá go nua sa chlár DEIS. Bainfidh sé seo go sonrach le comhthéacs DEIS agus pléifear leis na tacaíochtaí breise agus na riachtanais phleanála a eascraíonn as rannpháirtíocht sa chlár. Is é cuspóir na litreach seo a chur in iúl duit go gcuirfear deiseanna ar fáil do scoileanna leas a bhaint as tacaíochtaí agus deiseanna forbartha gairmiúla a chuireann an Chigireacht agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) ar fáil.

Spreagann an Roinn do scoil le leas a bhaint as iomlán na tacaíochta agus FGL a chuirtear ar fáil ionas go mbeidh ar chumas do scoile bheith gafa le pleanáil gníomhaíochta éifeachtach don fheabhsúchán atá riachtanach faoin gclár DEIS agus a chinntíonn go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní breise a chuirtear ar fáil faoi mhaoiniú DEIS.

Sa téarma deiridh den scoilbhliain reatha déanfaidh Cigireacht na Roinne sraith seimineár faisnéise a óstáil ar na riachtanais a bhaineann le pleanáil gníomhaíochta don fheabhsúcháin do scoileanna atá nua sa chlár DEIS. Cuirfear an tacaíocht seo ar fáil in Ionaid Oideachais. Ag brath ar na riachtanais, b'fhéidir go ndéanfar roinnt rannpháirtíochtaí ar líne a éascú freisin. Tá sé beartaithe freisin ag Cigireacht na Roinne dul i dteagmháil le braislí Bord Bainistíochta maidir leis an ról rialachais agus maoirseachta atá acu i bpleanáil gníomhaíochta DEIS. Déanfaidh an Chigireacht teagmháil go díreach leis na scoileanna agus leis na Boird Bhainistíochta maidir leis an tacaíocht seo.

Tá sraith tacaíochtaí á bpleanáil ag an SFGM do scoileanna atá nua sa chlár DEIS le seachadadh ó Mheán Fómhair 2022. Arís, déanfaidh an SFGM teagmháil go díreach leat maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil.

Má tá aon cheist eile agat maidir lena bhfuil thuas, is féidir leat ríomhphost a chur chuig social_inclusion@education.gov.ie

Le dea-mhéin,

Gráinne Egan

Príomhoifigeach Cúnta

An tAonad um Chuimsiú Sóisialta

.....
2 **Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
Social_inclusion@education.gov.ie
www.gov.ie/education